Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 21 Deireadh Fómhair 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0271(NLE)**

11351/20
ADD 1

MAR 120
OMI 46
ENV 592
CLIMA 231

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | ST 11270/20 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 11143/20 |
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh (AE) 2020/721 ón gComhairle an 19 Bealtaine 2020 ionas go n-áirítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta le linn a 75ú seisiún agus sa Choiste Muir-Shábháilteachta de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta le linn a 102ú seisiún i dtaca le formheas chiorclán MSC-MEPC.5 i dtaca le Samhail-Chomhaontú maidir le húdarú Eagraíochtaí Aitheanta a ghníomhaíonn thar ceann an Chórais Riaracháin<br>– Glacadh<br>– *Ráiteas ón gCoimisiún* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo ráiteas ón gCoimisiún atá le cur isteach i miontuairiscí Choiste na mBuanionadaithe agus na Comhairle.

**IARSCRÍBHINN**

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Na leasuithe atá beartaithe ar Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL), leasuithe ar Chaibidil II-1 a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir agus ar an gCód Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Long a úsáideann Gáis nó Breoslaí splancphointe Ísle Eile, nuair a ghlac IMO leis na leasuithe sin, is rud é a bhfuil tionchar aige ar an reachtaíocht atá ag an Aontas faoi láthair. Dá réir sin, is amhlaidh feasta atá na leasuithe sin faoi scáth inniúlacht sheachtrach eisiach an Aontais. Ina theannta sin, i gcomhréir leis an gcásdlí bunaithe, go háirithe cás C-600/14, níl inniúlacht sheachtrach an Aontais teoranta don inniúlacht eisiach. Ní féidir teorainn a chur le raon feidhme sheasamh an Aontais i leith na leasuithe sin agus ní mór a thuiscint go gcumhdaíonn sé iad ina n-iomláine.